Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1892

31.7.2026

**CINNEADH (CBES) 2026/1892 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 30 Iúil 2026**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1532 ([1]).

(2) Is iomchuí maolú a thabhairt isteach ar an toirmeasc ar earraí agus bogearraí áirithe a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú chun go bhféadfar earraí agus bogearraí lena n-úsáid san Iaráin, ar earraí agus bogearraí arb earraí agus bogearraí iad a bhfuil gá leo chun críocha sonracha, lena n-áirítear chun críocha ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, san Iaráin, go háirithe iarratais ar víosaí a phróiseáil.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/1532 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2023/1532, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘2a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar don cheanglais údarúcháin a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), i gcás inarb infheidhme, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt i dtaca le díol, soláthar, aistriú, idirthuras nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann chun na gcríoch seo a leanas:

(a) críocha leighis nó cógaisíochta;

(b) críocha daonnúla nó éigeandálaí sláinte; chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol; nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha; nó

(c) críocha oifigiúla ionadaíochtaí taidhleoireachta an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, san Iaráin.

([1]) Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, chomh maith le gníomhaíochtaí na hIaráine lena mbaintear an bonn den tsaoirse loingseoireachta sa Mheánoirthear (IO L 186, 25.7.2023, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1532/oj).

2b. Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a deonaíodh acu de bhun mhír 2a a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann siad gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfí an Cinneadh seo chun feidhme go héifeachtach.

---

(*) Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj).'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

T. BYRNE